




[www.health-ni.gov.uk](http://www.health-ni.gov.uk)



Health and  
Social Care

A guide for children and young people - Irish



# An vacsaín COVID-19

## Treoirleabhar do pháistí agus daoine óga



Faigh tuilleadh eolais ag [nidirect.gov.uk/coronavirus](http://nidirect.gov.uk/coronavirus)

# Míníonn an bhileog seo an clár vaicsínithe don Choróinvíreas (COVID-19) do pháistí agus daoine óga iomchuí.

## **Cad é COVID-19 nó an Coróinvíreas?**

Is galar riospráide é COVID-19 atá an-tógalach agus an víreas SARS-CoV-2 mar chúis leis. Tá fíorbheagán páistí agus daoine óga ann atá COVID-19 orthu agus a fhulaingíonn galar trom dá bharr.

Níl aon leigheas ar COVID-19 cé go gcabhraíonn cóireálacha nuacheaptha le riosca iarmhairtí a laghdú.



Cuireann an tseirbhís sláinte vacsaín COVID-19 ar fáil do pháistí agus daoine óga idir 12 agus 17 bliain d’aois. Beidh 2 dháileog ag teastáil ó dhaoine óga atá faoi riosca níos airde tinnis déine má thagann COVID-19 orthu, nó má chónaíonn siad le duine a bhfuil córas imdhíonachta ró-lag acu, an dá dháileog sin 8 seachtainí óna chéile. Cuirfear 2 dháileog den vacsaín ar fáil do gach duine óg eile idir 12 agus 17 bliain d’aois, 12 seachtain óna chéile.

## **An bhfuilim i gcontúirt ionfhabhtú COVID-19 a fháil?**

Is féidir le gach duine fulaingt leis an gCoróinvíreas. Tá riosca níos mó ann do pháistí agus daoine óga áirithe, iad siúd atá fadhb sláinte trom acu san áireamh, mar shampla:

- ailís (a leithéid leicéime nó liomfóma)
- diaibéiteas
- Fadhbanna troma leis an gcroí
- fadhb cliabhraigh nó deacrachtaí ag anáil, ina measc asma nach bhfuil smacht dian air
- galar duáin, ae nó putóige
- imdhíonacht níos ísle de bharr galair nó cóireála (cógas stéaróidigh, ceimiteiripe nó radaiteiripe)
- trasphlandú orgáin
- éagumas meabhrach nó fadhb néaramhatánach
- míchumas foghlama trom
- siondróm Down
- fadhb leis an liathán, mar shampla ainéime chorráncheallach, nó gur bhaineadh an liathán asat
- titimeas
- fadhbanna géiniteacha troma
- fadhbanna sláinte troma eile de réir comhairle do dhochtúir nó speisialtóir.

Go ginearálta, is galar níos éadroime é COVID-19 do pháistí agus daoine óga nach mbíonn iarmhairtí dáiríre ag baint leis. Do fíorbheagán dhaoine, d'fhéadfadh go mairfidh na siomptóim ar feadh níos faide ná an 2 nó 3 seachtaine a mhaireann sé de ghnáth. Cabhróidh an vacsaín le thú a chosaint in aghaidh COVID-19.

Cuirfear an vacsaín Pfizer ar fáil duit, atá ceadúnaithe do pháistí agus do dhaoine óga.

## **An gcosnóidh an vacsaín mé?**

Laghdóidh vacsaíniú COVID-19 an seans go bhfulaingeoigh tú galar COVID-19. D'fhéadfadh go dtógfaidh sé cúpla seachtain ar an vacsaín cosaint a neartú i do chorp. Ba chóir go mbeidh cosaint mhaith faighte agat ón chéad dáileog. Ba chóir go dtabharfaidh an dara dáileog cosaint níos faide i gcoinne an víris duit.

Cosúil le gach leigheas, níl gach uile vacsaín go hiomlán éifeachtach, mar sin d'fhéadfadh go dtolgfadh roinnt daoine COVID-19 fós d'ainneoin an vacsaín, ach ba cheart go mbeadh an galar níos éadroime sa chás seo. Tá níos mó eolais faoi siomptóim ar fáil ar [nidirect.gov.uk/coronavirus](https://nidirect.gov.uk/coronavirus).

Níl aon orgánaigh a fhásann sa chorp sna vacsaíní agus mar sin,

tá siad sábháilte do pháistí agus do dhaoine óga le neamhoird an chórais imdhíonachta. D'fhéadfadh nach n-oibreoidh an vacsaín i gceart do na daoine seo ach ba cheart go gcosnóidh sé ó ghalar trom iad.

## **Céard faoi toiliú a thabhairt?**

Is dócha gur mhian leat eolas faoin vacsaín a roinnt le do thuismitheoirí agus an cheist a phlé leo.

Má chuirtear an vacsaín ar fáil duit ar scoil, d'fhéadfadh go bhfaighidh tú foirm thoilithe gur cheart do do thuismitheoir a shíniú ionas go mbeidh tú in ann an vacsaín a fháil.

Freagróidh an duine a thugann an vacsaín duit aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat maidir le do vacsaín le linn do choinne.

## Fo-iarmhairtí coitianta

Cosúil le gach leigheas, is féidir go dtiocfaidh fo-iarmhairtí ort. Tá formhór na n-iarmhairtí seo éadrom agus gearrthréimhseach, agus ní fhaigheann cách iad. I gcás an vacsaín a úsáidtear do dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois, tá fo-iarmhairtí níos coitianta leis an dara dáileog.

Ar na fo-iarmhairtí coitianta tá:

- pian, troime agus soghortaitheacht sa lámh ina bhfuair tú d'instealladh. De ghnáth bíonn sé seo níos measa timpeall 1-2 lá i ndiaidh na vacsaíne
- tuirse
- tinneas cinn
- tinneas agus pianta ginearálta, nó siomptóim mar a bheadh fliú ann

Is féidir leat do scíth a ligean agus paraicéiteamól a thógáil (lean an chomhairle dáileoige ar an bpacáiste) chun biseach a chur ort. Cé nach bhfuil sé annamh braith mar atá fiabhras ort ar feadh 2 nó 3 lá, tá teocht ard neamhghnách agus d'fhéadfadh sé a léiriú go bhfuil COVID-19 nó ionfhabhtú eile ort. Maireann fo-iarmhairtí i ndiaidh na vacsaíne níos lú ná seachtain amháin go hiondúil. Má éiríonn do shiomptóim níos measa nó má tá imní ort, is féidir leat nó le do thuismitheoirí glaoc a chur ar do dhochtúir nó ar seirbhís atá ar fáil taobh amuigh de na gnáthuaireanta oibre.


## Na fo-iarmhairtí nach bhfuil chomh coitianta sin

Le gairid, tuairiscíodh cásanna athlasta croí (darbh ainm miócairdíteas nó peireacairdíteas) go hannamh i ndiaidh vacsaíní COVID-19.

Tharla formhór na gcásanna seo i measc fir óg agus de ghnáth cúpla lá i ndiaidh an dara vacsaín. Tháinig biseach ar formhór na ndaoine sin agus mhothaigh siad i bhfad níos fearr tar éis dóibh a scíth a ligean agus cóir leighis simplí a fháil.

### Ba cheart duit comhairle leighis a lorg go práinneach má mhothaíonn tú:


pianta cliabhraigh



giorra anála



croí atá ag preabadh, ag léim nó ag réabadh



## Coinnigh do chárta taifid slán

Má lorgaíonn tú féin nó do thuismitheoirí comhairle dochtúra nó altra, déan cinnte go n-insíonn tú leo faoi do vacsaín (taispeáin dóibh an cárta vacsaíne, más féidir) ionas gur féidir leo measúnú ceart a dhéanamh ort.

Don't forget your  
COVID-19 vaccination



Make sure you keep this record  
card with you

For more information on the  
COVID-19 vaccination or what  
to do after your vaccination, see  
[www.nidirect.gov.uk/covid-vaccine](http://www.nidirect.gov.uk/covid-vaccine)



COVID-19 immunisation  
Protect yourself.



Is féidir leatsa agus le do thuismitheoirí agus cúramóirí fo-iarmhairtí amhrasta na vacsaíne agus leighis a thuairisciú ar líne trí scéime an Yellow Card.



[coronavirus-yellowcard.mhra.gov.uk](https://coronavirus-yellowcard.mhra.gov.uk)

## An féidir COVID-19 a tholghadh ón vacsaín?

Ní féidir COVID-19 a tholghadh ón vacsaín ach is féidir COVID-19 a tholghadh agus gan tabhairt faoi deara go dtí tar éis do choinne vacsaínithe. Is iad na fo-iarmhairtí COVID-19 is tábhachtaí ná má thosaíonn aon siomptóim de na cinn seo a leanas:

- casacht nua leanúnach
- teocht ard
- cailleadh nó athrú do bhlaís nó do bholaidh

Má thagann na siomptóim thuasluaite ort, fan abhaile agus socraigh tástáil duit féin.

## Cad é an chéad rud eile ar cheart dom a dhéanamh?

Tar éis an vacsaín a fháil, Tar éis an vacsaín a fháil, coinneigh do chárta taifid agus ná chaill é. Taispeánfaidh do chárta taifid mionsonraí ar do dara dáileog.

Cuirfear an dara dáileog ar fáil duit i ndiaidh 8 nó 12 seachtain.

Gheobhaidh tú faisnéis maidir leis an am is fearr duit chun an dara dáileog a fháil, ionas go dtabharfaidh sé an chosaint is fearr is faide duit.

## Cad a tharlaíonn má táim tinn lá mo choinne?

Níor chóir duit freastal ar choinne vacsaíne má tá tú do d'fhéinleithlisiú, ag fanacht ar thástáil COVID-19 nó má bhíonn toradh dearfach agat ar thástáil COVID-19 ba chóir duit fanacht 12 seachtain, nó 4 seachtainí má tá tú faoi ard-riosca.

## Conas a scaiptear COVID-19?

Scaiptear COVID-19 trí braoiníní anáilithe as an srón nó as an mbéal, nuair atá duine a labhairt nó ag casacht go háirithe.

Is féidir é a tholghadh freisin trí do lámha a chur ar do shúile, do shrón agus do bhéal tar éis dóibh teacht i dteagmháil le gnáthrudaí agus dromchlaí éillithe.

## NÍ MÓR duit aon treoracha áitiúla nó náisiúnta a leanúint fós agus:

masc aghaidhe a chaitheamh nuair a moltar é



do lámha a ní go cúramach agus go minic



fuinneoga a oscailt chun aer úr a ligean isteach



na treoracha reatha a leanúint



[www.nidirect.gov.uk/coronavirus](http://www.nidirect.gov.uk/coronavirus)

## Tuilleadh eolais

Ba cheart duit nó do do thuismitheoirí bileog eolais an táirge a léamh le haghaidh tuilleadh faisnéise ar do vacsaín, na fo-iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann san áireamh, tríd an suíomh gréasáin Yellow Card a chuardach.

Is féidir fo-iarmhairtí amhrasta a thuairisciú ar an suíomh gréasáin céanna nó tríd an aip Yellow Card a íoslódáil: [coronavirus-yellowcard.mhra.gov.uk/productinformation](https://coronavirus-yellowcard.mhra.gov.uk/productinformation)

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag [pha.site/covid-vaccine-schools](https://pha.site/covid-vaccine-schools)



D'fhorbair Gníomhaireacht um Slándála Sláinte na Ríocht Aontaithe (UKHSA) an fhaisnéis seo ar dtús agus úsáidtear í faoi Cheadúnas Rialtais Oscailte v3.0



**Public Health Agency**  
12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.  
Tel: 0300 555 0114 (local rate).  
[www.publichealth.hscni.net](https://www.publichealth.hscni.net)

Find us on:

